# Mara Duit...

**Pleanáil Teanga**
Chloich Cheann Fhaola
facebook.com/PleanTeangaChloichCheannFhaola

*Nuachtlitir ó choiste pleanála teanga Chloich Cheann Fhaola* — *2ú Eagrán - Samhain 2015*

Pleanáil Teanga
Chloich Cheann Fhaola

## *Ceann Eagraíochtaí*

**Pobal Eascarrach**
*074 9180571*

**An tSean Bheairic**
*074 9180888*

**Coiste Forbairt Pobail Ghort a'Choirce**
*074 9135556*

## *Gabh i dteangmháil linn*

www ptccf.com
ptccf@gmail.com
/PleanTeangaChloichCheannFhaola
@ptccf

## Frásaí Coitianta
## *Everyday Phrases*

Hello **Mara Duit** (mwara ditch)
Goodbye **Slán** (slan)
Please **Le do thoil** (luh daw hull)
Thank you **Go raibh maith agat** (gura mi ugat)
I am... **Is mise...** (iss misha)
Who are you? **Cé thusa** (kay hussa)
What's your name? **Cad é an t-ainm atá ort?** (ca-jay an tan-yim ta ort)
Where are you from? **Carb as duit?** (carab ass ditch)
I'm from Donegal. **Is as Dún na nGall mé.** (iss ass Doon-na-ngawl may)
How are you? **Cad é mar atá tú?** (ca-jay mar ta too)
I am well. **Tá mé go maith.** (ta may go mi)
I am fairly well. **Tá mé go measartha.** (ta may go mass-ra)
I am bad. **Tá mé go holc.** (ta may go hulk)
Good morning **Maidin mhaith** (majin why)
Good night **Oíche mhaith** (ee-ha why)
Good luck **Ádh mór** (ah more)

## Buaiteoirí Crosfhocal

Comhghairdeas le Noelle Ní Dhubhchóin agus Aaron Collins a bhain an chéad duais amach sna crosfhocail in Eagrán a h-aon.





## Oíche Eolais Pleanáil Teanga





Na daoine a bhí i láthair ag an Oíche Eolais ar an bpróiseas pleanála teanga, sa tSean Bheairic, Déardaoin an 15ú Deireadh Fómhair.

## Mórtas Ceantair

Thug Moltoirí chomórtas Mórtas Ceantair Declan Nelson, Iar bhainisteoir Co. Mhuineachán agus Eddie Sheehy, Iar bhainisteoir Co. Loch Garman cuairt ar an cheantar le linn an tSamhraidh. Thug siad cuairt ar Ionad Phobail Mhachaire Rabhartaigh, ar Oileán Na nÓg, ar thráigh Mhachaire Rabhartaigh agus ar Teach Mhicí Mhic Gabhann i nDoire Chonnaire. Tá Coiste Phobail Ghort a'Choirce tríd anois go dtí an Chomórtas Náisiúnta a bhéas ar siúl in Inis, Co. an Chláir i mí na Samhna.





# Coláiste Uladh 1906-2016



Le theacht.....

Comóradh ar an cheangal chultúrtha a bhí ag cuid de phearsain mhóra Eirí Amach na Casca 1916 le Coláiste Uladh agus Paróiste Chloich Cheannfhaola.

**26ú-29ú Bealtaine 2016**

Léachtaí, díospóireachtaí, dráma ar an Phiarsach le Noel O Gallchóir, seoladh leabhair le Seosamh Ó Ceallaigh agus go leor imeachtaí eile.

Tuilleadh eolais: www.colaisteuladh.org




# Seachtain Oidhreachta Náisiúnta 2015



Bhí lá oscailte ag Teach Mhicí Mhic Ghabhann i gcomhair le Seachtain Oidhreachta Náisiúnta ar an 22ú Lúnasa mar chuid de imeachtaí Seachtain Oidhreachta Náisiúnta 2015. Thug suas le céad dhuine cuairt ar Theach Mhicí ar an lá agus bhain siad sult as an mhéid a bhí ar siúl. Chuir Conor Ó Gallachóir an seó aonair a scríobh sé féin fá shaoil Mhicí i láthair darbh ainm Seacht gCasadh an Rotha. Bhí an scannán a rinneadh sa cheantair sa bhliain 1969 a thaispeáint. Bhí taispeántais faoi leith i rith an lae – déanamh cléibh, déanamh ime, bácál, sníomh, damhsa ar an tsean-nós, ceol agus amhránaíocht.







# Campaí Samhraidh



Eagraíonn Pobal Eascarrach sraith Campaí Samhraidh do pháistí I gCloich Cheanna Fhaola gach bliain. Tugann na Campaí Samhraidh seo deis do pháistí campa spraoíúil a bheith acu lena himeachtaí ar fad trí mheán na Gaeilge.
Le breis agus 16 bliain taithí ag eagrú Campaí Samhraidh do pháistí, bíonn na Campaí Samhraidh seo lán de spraoi, le béim ar fhorbairt phearsanta, foghlaim neamhfhoirmiúla, cothú muiníne agus forbairt scileanna pearsanta agus cumas teanga na bpáistí.



Mar chuid de chlár na gcampaí samhraidh bíonn meascán d'imeachtaí ar nós cúrsaí spóirt, ceol, amhránaíocht, drámaíocht, clár ealaíne agus cúrsaí dúlra.

## Mná Phort Mhaise



Seo grúpa ban a thagann le chéile gach Dé Céadaoin sa halla i Machaire Rabhartaigh ó 10 – 12. Cuirtear fáilte i gcónaí roimh baill úra, is cuma cén aois. Déan siad rudaí cosúil le cniotáil, cróiseáil, ealaíne, découpage srl. Ag deireadh na bliana téann siad ar thuras thar oíche. Go dtí seo thug siad cuairt ar Giants Causeway, Bushmills Distillery, Doagh Village, Teach Lissadell,Sligeach, Bloom, Guinness Brewery agus chuig Derek Ryan a bhí ceol i mBun Dóráin.

# sean-nós sa tSeanbheairic

## Tionscnamh Éamoinn Ghráinne 2015/2016

**Cúrsa amhránaíochta do dhaoine óga leis an amhránaí Patricia Nic Ruairí.**

*Ranganna ó 11.30 am – 1.30 in*

*Do pháistí idir 7 agus 12 bliain d'aois*

*Ní mhór go mbeadh Gaeilge ag na páistí.*

*Clárú / Registration: 074 9180655.*

**Ranganna 2015**

Satharn 7ú Samhain, 21ú Samhain, 5ú Nollaig, 19ú Nollaig.



## Oileán na nÓg/Club Óige Chríost Rí

Tá ag éirigh go maith le Oileán na nÓg i Machaire Rabhartaigh. Bíonn an ionad oscailte gach Dé Satharn ó 8 – 10 agus ar oícheanna eile fríd an tseachtain. Tá deontas de €5,000 ceadaithe ó IPB le himeachtaí a chuir ar fáil ar feadh na bliana agus tá na daoine óga ag obair le Anjo Carr ag an bhomaite ar phíosa ealaíne. I ndiaidh sin beidh Ógsheirbhís Dhún na nGall ag déanamh cúrsa leis an óige, ansin beidh siad ag déanamh ranganna cócaireachta agus ag foghlaim an dóigh le dinneár/lón a dhéanamh ar bhuiséid. Ag deireadh ansin beidh siad ag dhul ar thuras thar oíche chuig áit ina mbeidh imeachtaí taobh amuigh a dhéanamh acu. Tuilleadh eolais ar na himeachtaí seo ar leatheanach FB Oileán na nÓG nó ón uimhir 0749135556.





D'éirigh go maith leis an chlub óige i gComórtas Cluichí na hÉireann YWI i mBaile Átha Luain. Bhain Ciarán Ó Gallachóir an chéad áit ag imirt fichille agus bhain Colm Ó Donnchadh, James Ó Dúgain, Daireann Mac Pháidín, Emma Greer & Katy Ní Géidigh chéad áit in faoi 18 tráth na gCeist.





| | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| C | R | E | A | T | L | A | C | H | O | G | H | P |
| I | H | S | K | U | T | S | A | E | L | C | A | O |
| D | F | K | O | I | D | T | D | J | F | A | N | O |
| X | S | K | C | P | W | A | L | C | L | K | A | U |
| I | M | Y | L | G | C | C | W | L | I | F | V | P |
| G | E | E | O | C | V | N | A | O | E | M | T | U |
| E | O | O | C | L | A | N | O | D | L | I | U | F |
| H | K | T | A | A | A | I | H | N | U | B | C | S |
| C | F | I | L | H | Z | Y | L | A | N | E | F | P |
| A | W | U | M | A | I | N | D | L | T | A | P | U |
| L | B | A | E | L | I | X | Y | Q | E | A | S | F |
| A | D | K | Z | S | U | O | D | H | M | A | N | C |
| E | E | M | P | E | A | C | A | V | Z | R | C | H |
| G | B | P | A | U | D | A | L | G | A | E | E | H |

| | | |
|---|---|---|
| Cailleach | Gealach | Damhánalla |
| Cleas | Ialtóg | Fuil |
| Cnámh | Cat | Hata |
| Creatlach | Clóca | |
| Eagla | Cnónna | |

**Duais don chéad iontráil amach as an hata.**
**Seol isteach do iontráil go dtí an tSean Bheairic roimh Dé hAoine an 13ú Samhain.**
**Ainm: ______________________ Uimhir: ___________**




Tá an tionscadal óige san YARD ag cur tús le bliain eile de ghníomhaíochtaí leis na daoine óga a bhfuil 13-25 bliain d'aois. Deirimid beannacht maith agus slán leo siúd a bhfuil ag tosacht ag obair, coláiste nó ollscoile, go leor díobh a raibh páirteach leis an YARD ar feadh cúig nó sé bliana! Deirimid Fáilte leo siúd a bhfuil 13 bliana d'aois - mic léinn den chuid is mó ó PCC, agus ba mhaith linn a chur i gcuimhne dóibh - A. ní gá duit an éide scoile a chaitheamh ag an club óige ar an Aoine - agus B. ní gá duit glaoch ar an Ceannairí Óige mar Maistreas agus Múinteoir! (LOL) Tá buíochas speisialta a ghabhail do Frankie Gallagher a bhfuil a chuid intéirneacht críochnaithe aige agus a d'eagraigh tiomsaitheoir airgid ag Banc na hÉireann Dé hAoine seo caite, bhailigh siad os cionn €226 don YARD. Beidh muid ag pleanáil ár ngníomhaíochtaí agus turais le baill thar na seachtainí atá romhainn. Mar sin, tar isteach agus bíodh gníomhach ag an YARD. Oibrithe Deonacha ag teastáil - oiliúint saor in aisce ar fáil.

Oy !!! ... Amuigh sa YARD!
'Out in the YARD (' OY! ') Is seo grúpa sóisialta a bhfuil faoi threoir oibrithe deonacha do Dhaoine Leispiacha, Aeracha, Déghnéasacha agus Trasinscne agus iad sin a bhfuil ag ceistiú a gnéasacht féin (LGBTQ), daoine óga agus a chairde. Is é seo an áit chun bualadh le cairde úra, tacaíocht agus eolas a fháil, agus taithí a roinnt i dtimpeallacht shábháilte agus thacúil. Bunaithe sa YARD, An Fál Carrach, is é seo grúpa oscailte do dhuine ar bith d'aois 15-23 bliain agus buaileann muid le chéile, ag am úr, 6in Dé Céadaoin gach seachtain. Má tá suim agat féin nó ma tá aithne agat ar dhuine éigin a bhfuil suim acu freastal ar an grúpa óige LGBT, déan teagmháil linn ag: lgbtfalcarragh@gmail.com Nó glaoch nó téacs a chur chugainn ar ár líne rúnda 086 274 3414. Is féidir leat theacht orainn freisin ar facebook ag 'Lgbt OY Falcarragh '

DÍOLACHÁN POBAIL - Réamh-Nollaig
Ag an YARD ar 24ú Deireadh Fómhair
Na hEalaíona, Ceardaíocht, Bianna, Bronntanais
Doirse oscailte ag meán-lae.

## Bailte Slachtmhara
## Gort a' Choirce agus An Fál Carrach

Comhghairdeachas leis an pobal uilig as bhur gcomhoibriú agus an obair díograsach a rinneadh i mbliana le cuma deas, snasta a chur ar na sráidbhailte Gort a' Choirce agus An Fál Carrach. Fógraíodh torthaí an chomórtais ar an Luan 28ú Meán Fómhair agus d'éirigh le Gort a' Choirce 4 mharc breise a ghnóthú i mbliana agus An Fál Carrach 6 mharc. 2015: Gort a' Choirce 261 as 450; An Fál Carrach 258 as 450 marc. D'éirigh leis an dá choiste marcanna a ghnóthú sa trí chatagóir 'An Timpeallacht Thógtha agus Sráid-dreacha', 'Fiadhúlra, Gnáthóga agus Taitneamhachtaí Nádúrtha', 'Bainistiú Acmhainní agus Dramhaíola Inbhuanaithe'. D'éirigh le Gort a' Choirce ardú a fháil sa chatagóir 'Sráideanna Cónaithe agus Ceantair Tithíochta' agus An Fál Carrach sa chatagóir ,Tírdhreachú agus Spásanna Oscailte'. Tá tuairisc an mholtóra le fáil ar an suíomh gréasáin **ow.ly/TAdxI**

**Teagmháil: cptccf@gmail.com. An tSean Bheairic - 0749180888. Pobal Eascarrach - 0749180571**